2025/1341

9.7.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1341 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Aibreán 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/610 ([1]), lenar bunaíodh Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA), le sainordú go dtí an 19 Meán Fómhair 2018.

(2) An 6 Meán Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2396 ([2]), lenar cuireadh síneadh le EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2025.

(3) An 30 Aibreán 2025, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar EUTM RCA, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le sainordú EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2026 agus gur cheart roghanna a bheith in Athbhreithniú Straitéiseach a dhéanfar go luath in 2026 maidir le todhchaí an Mhisin.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBSC) 2016/610 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 mar a leanas:

(1) In Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'8. EUR 11 400 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUTM RCA don tréimhse ón 20 Meán Fómhair 2025 go dtí an 19 Meán Fómhair 2026. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, 0 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.';

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Faoi réir Athbhreithniú Straitéiseach a bheidh le déanamh go luath in 2026, tiocfaidh deireadh le sainordú EUTM RCA an 19 Meán Fómhair 2026.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/2396 ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L, 2024/2396, 6.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2396/oj).